M.23T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2003

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 – 4.50

## TREORACHA D’IARRTHÓIRÍ

Baineann Ceist 1 leis an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis agus tá sí éigeantach.

Tá na ceisteanna eile, ó 2 go dtí 18, leagtha amach i **gCEITHRE** roinn. Is iad seo, Tíreolaíocht Fhisiceach, Tíreolaíocht Shóisialta, Tíreolaíocht Eacnamaíoch, Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda.

Caithfear **cúig cheist** a fhreagairt ach **gan níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as an aon roinn amháin.
Ní mór d’iarrthóirí tabhairt faoi:

- Ceist 1;
- Ceist amháin sa Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda [as Ceisteanna 14-18];
- Trí cheist eile as 2-18;

Tá rogha na gceisteanna as 2 –18 faoi réir ag an gcoinníoll atá luaite thuas, nach bhfuil sé ceadaithe **níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as an aon roinn amháin.

---

**DEIMHNIGH LE DO THOIL GO BHFUIL LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFHÓTAGRAF AGAT SULA dTUGANN TÚ FAOIN bPÁIPÉAR SEO.**

## NÍ MÓR AN CHEIST SEO A FHREAGAIRT

## CEIST 1. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Scrúdaigh an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50,000 agus an Eochair Eolais a tugadh duit leis an bpáipéar seo.

**(i)** Tarraing sracléarscáil den limistéar atá clúdaithe ag an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis a tugadh duit leis an bpáipéar seo.

Marcáil agus sainaithin:

- Abhainn na Bearú
- Príomhbhóthar nó Bóthar Tánaisteach Náisiúnta Molta
- Limistéar de Thalamh Ard
- An tIarnród
- Galfchúrsa
- Stáisiún Gharda Síochána

**[Nóta: Níor chóir an tsracléarscáil a rianú.]** **(30 marc)**

**(ii)** Déan cur síos agus mínigh **TRÍ** chúis le fás baile Cheatharlach ag an láthair seo.

Bain úsáid as fianaise ón léarscáil amháin. **(30 marc)**


**(iii)** Tá Monarcha Chóireáil Chamrais ar an léarscáil ó Dheas ó Cheatharlach agus Soir ón N9 ag Tagairt Eangaí S7174.

Luaigh buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an láthair seo don mhonarcha.
Bain úsáid as fianaise ón léarscáil amháin. **(20 marc)**

**TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH**

**Ceisteanna 2 – 5**

## <u>CEIST 2.</u> <u>AIBHNEACHA</u>



**(i)** Eas, Coirín, Lúb, Lúbloch agus Tuilemhá
Roghnaigh **TRÍ** ghné díobh sin thuas agus i gcás **GACH** ceann díobh

- Déan cur síos agus mínigh, le cúnamh léaráide, an chaoi ar cruthaíodh é. **(60 marc)**

**(ii)** Mínigh bealach **<u>AMHÁIN</u>** ar féidir le daoine tuilte ar bhruacha aibhneacha a chosc. **(20 marc)**

## <u>CEIST 3.</u> <u>OIGHRIÚ</u>

**(i)** Ainmnigh **<u>DHÁ</u>** ghné atá cruthaithe ag creimeadh oighreach agus **<u>DHÁ</u>** ghné atá cruthaithe ag sil-leagan oighreach. **(20 marc)**

**(ii)** Mínigh, le cúnamh léaráide, an chaoi ar cruthaíodh **<u>TRÍ</u>** ghné ar bith a ainmníodh i gcuid **(i)**. **(60 marc)**

## <u>CEIST 4.</u> <u>AN DOMHAN FISICEACH</u>

Tabhair míniú réasúnta mion ar **<u>DHÁ</u>** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Bíonn éifeacht mhór ag an Atlantach Thuaidh ar aeráid na hÉireann. **(40 marc)**

**(ii)** Fadhb mhór in Éirinn inniu is ea diúscairt dramhaíola. **(40 marc)**

**(iii)** Tá a rian fágtha ar thírdhreach na hÉireann ag creimeadh na farraige. **(40 marc)**

**(iv)** Ábhar mór imní is ea farsingiú fásaigh in áiteanna ar domhan inniu **(40 marc)**

## CEIST 5. TEICTEONAIC PLÁTAÍ

**(i)** Mínigh cén fáth a dtarlaíonn **CREATHANNA TALÚN** in áiteanna ar leith amháin ar domhan. **(40 marc)**

**(ii)** Mínigh cén fáth a dtugann **BOLCÁIN** buntáistí **AGUS** míbhuntáistí do dhaoine i mórán áiteanna ar domhan **(40 marc)**

# TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA

**Ceisteanna 6 – 9**

## CEIST 6. AN tAERFHÓTAGRAF DE CHEATHARLACH

Scrúdaigh an t-aerfhótagraf a tugadh duit leis an bpáipéar seo.

**(i)** Tarraing sracléarscáil den limistéar de Cheatharlach atá clúdaithe ag an aerfhótagraf.

Taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas:

- Séipéal
- Fothrach caisleáin
- Dhá shráid chónasctha
- Droichead
- Cora ar an abhainn
- Oileán san abhainn

**[Nóta: Níor chóir an tsracléarscáil a rianú.]** **(30 marc)**

**(ii)** Déan cur síos agus mínigh **DHÁ** bhealach a raibh tionchar ag an abhainn ar an limistéar de Cheatharlach atá léirithe san fhótagraf.


Bain úsáid as fianaise ón bhfótagraf i do fhreagra. **(30 marc)**

**(iii)** Dá mbeadh sé mar mholadh tithe a thógáil ar an limistéar glas in aice na habhann sa chúlra ar dheis den fhótagraf:-

Mínigh sochar **AMHÁIN** a dhéanfadh sé seo don cheantar áitiúil agus mínigh údar gearáin **AMHÁIN** a d'fhéadfadh a bheith ag muintir na háite mar gheall ar na tithe. Bain úsáid as fianaise ón bhfótagraf i do fhreagra. **(20 marc)**

## CEIST 7. OCRAS DOMHANDA

**(i)**




Is mó cúis a chuireann leis an ocras ar domhan. Orthu sin tá:

- Fás Daonra
- Cogadh
- Cleachtais Thrádála Éagóracha
- Easpa Oideachais
- Droch-choinníollacha Aimsire
- Cúnamh Mí-chuí (mí-oiriúnach)

Roghnaigh **TRÍ** chúis ar bith díobh sin thuas agus mínigh cén chaoi a gcuireann **GACH CEANN** díobh le hocras ar domhan. **(60 marc)**

**(ii)** Mínigh **DHÁ** bheartas a d'fhéadfadh rialtais a chur i bhfeidhm chun an t-ocras a chloí nó a mhaolú i dTíortha atá i mbéal Forbartha. **(20 marc)**

## CEIST 8. STAIDÉAR DAONRA

**(i)** Cuidíonn Fás Tapa ar Dhaonra le fadhbanna i gcathracha. Ar na fadhbanna sin tá:

- Easpa tithtíochta
- Trácht
- Truailliú
- Coiriúlacht agus Drugaí
- Galar

Roghnaigh **TRÍ** cinn ar bith de na fadhbanna seo agus mínigh gach ceann díobh trí thagairt a dhéanamh do chathair **NÓ** do chathracha a ndearna tú staidéar orthu. **(60 marc)**

**(ii)** "Tá an daonra ag titim go tapa in áiteanna in Iarthar na hÉireann".

Mínigh **DHÁ** bheartas **AR BITH** a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun é seo a chur ar gcúl.

**(20 marc)**

## **CEIST 9. SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA**

Tabhair míniú réasúnta mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Tá athrú ag teacht go tapa ar ról na mban in Éirinn. **(40 marc)**

**(ii)** Bíonn coimhlint mar thoradh ar chreideamh reiligiúnach i roinnt áiteanna ar domhan. **(40 marc)**

**(iii)** Tá an Daonáireamh tábhachtach don phleanáil sa todhchaí in Éirinn. **(40 marc)**

**(iv)** Is gá go mbeadh comhthuiscint níos fearr idir daoine ó thíortha difriúla. **(40 marc)**

# TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH

**Ceisteanna 10 – 13**

## **CEIST 10. TALMHAÍOCHT**

**(i)** Is mó toisc thábhachtach a mbíonn tionchar aici ar chúrsaí talmhaíochta. Ar na tosca sin tá:

- Aeráid
- Cineál Ithreach
- Rilíf
- Beartais Rialtas
- Oideachas
- Margaí

Roghnaigh **TRÍ** thoisc díobh sin thuas agus mínigh cén chaoi a raibh tionchar ag gach ceann díobh ar chúrsaí talmhaíochta **i réimse ar bith a ndearna tú staidéar air**. **(60 marc)**

**(ii)** Mínigh **DHÁ** éifeacht dhiúltacha a bhíonn ag an talmhaíocht ar an timpeallacht. **(20 marc)**

## **CEIST 11. FUINNEAMH**

**(i)** Cumhacht Gréine, Cumhacht Tonn, Cumhacht Gaoithe, Bithmhais agus Cumhacht Hidrileictreach.

Roghnaigh **DHÁ** cheann de na foinsí fuinnimh in-athnuaite thuas agus mínigh na **BUNTÁISTÍ** AGUS na **MÍBHUNTÁISTÍ** atá ag gach ceann díobh. **(60 marc)**

**(ii)** "Beidh buntáistí móra ag geilleagar Iarthar na hÉireann de thoradh Achar Ghás Nádúrtha na Coiribe".

An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Mínigh do fhreagra. **(20 marc)**

## **CEIST 12. SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH**

Tabhair míniú réasúnta mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Ábhar mór imní is ea truailliú na timpeallachta ar domhan inniu. **(40 marc)**

**(ii)** Déanann an fhorbairt bagairt leanúnach ar na Foraoiseacha Teochriosacha Báistí. **(40 marc)**

**(iii)** Dúshlán a bheidh in athnuachan chóras bóithre na hÉireann amach anseo. **(40 marc)**

**(iv)** Córas a bhfuil ionchuir, próisis agus aschuir é Tionsclaíocht Déantúsaíochta. **(40 marc)**

## **CEIST 13. OBAIR ALLAMUIGH**

Maidir le cleachtadh **AR BITH** a rinne tú ar obair allamuigh sa Tíreolaíocht:

**(i)** Luaigh **teideal** agus **aidhmeanna** an chleachtaidh. **(8 marc)**

**(ii)** Tabhair cuntas ar an **ullmhúchán a rinne tú** don chleachtadh. **(16 marc)**

**(iii)** Tabhair cuntas ar **na modhanna a d'úsáid tú chun an t-eolas a bhailiú**. **(24 marc)**

**(iv)** Tabhair cuntas ar **thorthaí** an chleachtaidh allamuigh. **(12 marc)**

**(v)** Mínigh **na modhanna a d'úsáid tú chun do thorthaí a chur i láthair**. **(12 marc)**

**(vi)** Mínigh **fadhb amháin a bhí agat** agus an cleachtadh allamuigh ar bun agat. **(8 marc)**

## **TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH AGUS DHOMHANDA**

**Ceisteanna 14 – 18**

- **Ní mór duit Ceist Amháin ar a laghad sa Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda a fhreagairt ach ní thig leat níos mó ná Dhá Cheist a fhreagairt.**

## **CEIST 14. TÍORTHA AGUS A gCUID RÉIGIÚN**

Éire, An Iorua, An Ghearmáin, An Bheilg, An Danmhairg agus An Fhrainc.

I gcás **AON CHEANN AMHÁIN** de na tíortha thuas a ndearna tú staidéar orthu:


**(i)** Tarraing sracléarscáil a thaispeánann an chaoi a roinnfeá an tír iomlán ina **DHÁ RÉIGIÚN NÓ BREIS.** **(20 marc)**

**(ii)** Roghnaigh **DHÁ** réigiún díobh seo agus i gcás gach ceann díobh, déan cur síos ar fhorbairt an réigiúin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tíreolaíocht Fhisiceach
- Talmhaíocht
- Déantúsaíocht **nó** Seirbhísí

**(60 marc)**

## CEIST 15. TURASÓIREACHT




Príomhoifig Staidrimh

**(i)** Maidir leis an gCairt thuas, mínigh an chaoi a ndéanann turasóireacht sochar do gheilleagar na hÉireann. **(20 marc)**

**(ii)** Mínigh **<u>TRÍ</u>** chúis a dtugann Éireannaigh ina sluaite cuairt ar réigiún na Meánmhara san Eoraip gach bliain. **(60 marc)**

## CEIST 16. RÁITIS AR AN EORAIP

Roghnaigh **<u>DHÁ</u>** cheann ar bith de na ráitis seo a leanas agus pléigh go mion iad:

**(i)** Tá an Réin-Ruhr mar réigiún ar cheann de na réigiúin thionsclaíocha is mó san Eoraip. **(40 marc)**

**(ii)** Tionscal mór in Éirinn is ea an iascaireacht. **(40 marc)**

**(iii)** Tá meath tagtha ar thionscal na ríomhaireachta san Eoraip le blianta beaga. **(40 marc)**


**(iv)** Tá an-rath ar an euro ó tugadh isteach é san Eoraip. **(40 marc)**

## CEIST 17. RÉIGIÚIN SAN EORAIP

Iarthar na hÉireann, Abhantrach Pháras, Machaire Thuaisceart na hIodáile, Massif Central, Sasana Thoir-Theas agus Nordkalotten (Tuaisceart na hIorua agus na Sualainne).
Roghnaigh réigiún croíláir **<u>AMHÁIN</u>** agus réigiún imeallach **<u>AMHÁIN</u>** as liosta na réigiún thuas, agus déan cur síos ar na réigiúin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Aeráid
- Talmhaíocht
- Tionscail Deantúsaíochta **(80 marc)**

**CEIST 18. TÍREOLAÍOCHT DHOMHANDA**




Scrúdaigh an learscail thuas den domhan.

**(i)** Ainmnigh na nithe 1 – 10 **i do leabhar freagraí.**

Tíortha 1, 2 agus 3; Oileáin 4 agus 5; Sliabhraon 6; Cathracha 7 agus 8; Ceantar Farraige 9; Aigéan 10.

**(20 marc)**

**(ii)** Tá na háiteanna seo a leanas ar nuacht an domhain mhóir le blianta beaga.

* An Phacastáin agus/nó an India *An Meán Oirthear *Tuaisceart Éireann

Roghnaigh ceann **AMHÁIN** de na háiteanna thuas agus tabhair cuntas ar na ceisteanna a bhaineann leis.

**(40 marc)**

**(iii)** "Fadhb ollmhór is ea an sceimhlitheoireacht ar domhan inniu."

An aontaíonn tú leis an tuairim seo? Mínigh do fhreagra trí thagairt a dhéanamh do shamplaí.

**(20 marc)**